An Roinn Oideachais
Department of Education

**Uimhir Chiorcláin 0030/2023**

Chuig Boird Bhainistíochta agus Príomhoidí Iar-bhunscoileanna

# Scéim Deontas i ndáil le Neamhláithreachtaí a Bhaineann le Máithreachas

## 1. Réamhrá

1.1 Tugtar sa chiorclán seo faisnéis faoin Scéim Deontas Teagasc Baile i ndáil le Neamhláithreachtaí a Bhaineann le Máithreachas atá á hoibriú ag an Aonad um Thuismitheoirí agus Fhoghlaimeoirí sa Roinn. Ba cheart d'iarratasóirí é a léamh go cúramach sula gcomhlánóidh siad Foirm Iarratais HT MRA 23.

1.2 Tá sa Chiorclán faisnéis faoi na nithe seo a leanas:

- Cuspóir na scéime agus na critéir le haghaidh incháilitheachta faoi théarmaí na scéime
- An nós imeachta iarratais
- Na critéir le haghaidh cúnamh deontais a sholáthar
- Faisnéis ghinearálta
- Tosca cosanta agus cumhdaigh leanaí
- Nósanna imeachta íocaíochta
- Ceisteanna agus achomhairc

## 2. Achoimre ar Phríomhphointí an Chiorcláin

**Leagtar amach i Rannán 3 an Ráiteas Príobháideachta maidir le Cosaint Sonraí don Chiorclán seo agus don fhoirm iarratais ghaolmhar.**

**Leagtar amach i Rannán 4 cuspóir na Scéime Deontas Teagasc Baile agus na critéir le haghaidh incháilitheachta faoi théarmaí na scéime.**

- Is é cuspóir na Scéime Deontas Teagasc Baile a Bhaineann le Máithreachas cistiú a chur ar fáil le haghaidh seirbhís chúiteach oideachais a sholáthar do chailíní nach bhfuil in ann freastal ar scoil de bharr toirchis.
- Is ar feadh **90 uair an chloig ar a mhéad** a mhairfidh an teagasc a sholáthrófar faoin scéim seo.
- Is le haghaidh idirghabháil teagaisc oideachais amháin atá an deontas Teagasc Baile.

**Leagtar amach i Rannán 5 an nós imeachta iarratais.**

- Comhlánóidh an tuismitheoir nó an dalta, má tá sí 18 mbliana d'aois nó níos sine, Rannán 1 den fhoirm.
- Comhlánóidh Príomhoide na Scoile Rannán 2 den fhoirm.
- Comhlánóidh an teagascóir/na teagascóirí atá beartaithe Rannán 3 den fhoirm.
- Ba cheart deimhniú leighis ina ndeimhnítear an toircheas a sheoladh isteach in éineacht leis an bhfoirm iarratais chomhlánaithe.

**Leagtar amach i Rannán 6 na critéir le haghaidh cúnamh deontais a sholáthar faoin scéim, lena n-áirítear na ceanglais cháilíochta, chlárúcháin agus ghrinnfhiosrúcháin atá ar sholáthraithe teagaisc.**

- B'fhearr go mbeadh an teagascóir cáilithe san earnáil oideachais iomchuí, e.g., múinteoir iar-bhunscoile le haghaidh dalta iar-bhunscoile. Ní mór do gach teagascóir bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta ar feadh thréimhse an teagaisc cheadaithe agus go dtí go n-eiseofar an íocaíocht dheireanach. I gcás nach féidir le hiarratasóir múinteoir lánch…áilithe a fhoinsiú, áfach, féadfaidh an Roinn cead a thabhairt duine atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus a bhfuil céim i réimse iomchuí aige/aici (Leibhéal 7 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) a fhostú.
- Ní mór do Chomhairle Mhúinteoireachta na hÉireann gach teagascóir a chur faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána trí Digitary, an réiteach slán TF ar líne atá i bhfeidhm ag an gComhairle, sula gcuirfear tús le teagasc a sholáthar.
- Ní mór do gach teagascóir Foirm Ghealltanais chomhlánaithe agus Dearbhú Reachtúil comhlánaithe a chur isteach. Síneoidh an t-iarratasóir agus an teagascóir <u>araon</u> an Fhoirm Ghealltanais.
- Ní fhéadfaidh tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla gníomhú mar theagascóirí dá leanaí féin faoin Scéim.

**Soláthraítear i Rannán 7 faisnéis faoi shaincheisteanna cosanta leanaí agus faoi thosca cumhdaigh leanaí.**

**Soláthraítear i Rannán 8 faisnéis ghinearálta faoin scéim.**

**Ba cheart d'iarratasóirí na nithe seo a leanas a thabhairt faoi deara:**

- Déanfar an fhaisnéis a sholáthrófar a chomhroinnt le Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais sonraithe eile.
- **Is é 90 uair an chloig an líon uasta uaireanta a dheonófar**, beag beann ar an líon teagascóirí a ainmneofar nó a cheadófar.

…..

- Deonófar teagasc ó dháta an cheadaithe go ceann **tréimhse sé mhí**.

**Soláthraítear i Rannán 9 faisnéis faoin dóigh a n-íoctar an deontas Teagasc Baile.**

- Ba cheart a thabhairt faoi deara nach ndéanfar cistiú teagasc baile a shiardhátú in aon imthosca.
- Ní ghníomhaíonn an Roinn ach amháin mar ghníomhaire párolla thar ceann an tuismitheora/an chaomhnóra dhlíthiúil.
- I gcás go mbeidh leanbh faoi chúram Tusla, is le Tusla a dhéanfar aon íocaíochtaí i leith teagasc baile.

**Soláthraítear i Rannán 10 mionsonraí teagmhála le haghaidh ceisteanna agus achomhairc i ndáil leis an scéim.**

## 3. Ráiteas Príobháideachta maidir le Cosaint Sonraí

A mhéid is indéanta agus ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil, soláthraíonn an Roinn Oideachais do dhaoine a bhfuil cónaí orthu sa Stát oideachas agus oiliúint is cuí chun freastal ar na riachtanais agus ar an gcumas atá acu. Is é an **phríomhchúis** a dteastaíonn ón Roinn na sonraí pearsanta atá tugtha agat ná incháilitheacht don Scéim Deontas Teagasc Baile a chinneadh. Féadfar na sonraí pearsanta atá tugtha a chomhroinnt le Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach), leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus leis na Coimisinéirí Ioncaim chun incháilitheacht don Scéim Deontas Teagasc Baile a chinneadh, chun a chinntiú nach mbeidh aon dúbláil cistiúcháin ann le linn íocaíochtaí a phróiseáil, agus chun críocha staidrimh.

Is féidir an Fógra Príobháideachta ina leagtar amach tuilleadh faisnéise i ndáil leis an Scéim seo a fháil ag gov.ie – Fógraí Príobháideachta an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (www.gov.ie)

Is ar fáil ag https://www.gov.ie/en/collection/general-data-protection-regulation-gdpr-privacy-notices/ atá mionsonraí iomlána faoi bheartas Cosanta Sonraí na Roinne, áit a leagtar amach an dóigh a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta nó sonraí pearsanta do linbh agus a leagtar amach faisnéis maidir le do chearta mar ábhar sonraí.

Tá mionsonraí faoin mbeartas sin ar fáil i gcruachóip freisin ach iad a iarraidh ón seoladh atá luaite sa Chiorclán seo.

## 4. Cuspóir na scéime agus na critéir le haghaidh incháilitheachta faoin scéim seo

4.1 Is é cuspóir na Scéime Deontas Teagasc Baile a Bhaineann le Máithreachas cistiú a chur ar fáil le haghaidh seirbhís chúiteach oideachais a sholáthar do chailíní ar leibhéal na hiar-bhunscoile nach bhfuil in ann freastal ar scoil de bharr iad a bheith torrach. Ní mór do gach iarratasóir áit reatha scoile a bheith acu ar leibhéal na hiar-bhunscoile.

4.2 Tá Teagasc Baile a Bhaineann le Máithreachas ceaptha chun a bheith ina shocrú eatramhach chun cabhrú le cailíní a n-oideachas iar-bhunscoile a chríochnú.

4.3 Toisc gur clár oideachais dhá bhliain í an tsraith shinsearach, níl daltaí atá páirteach i gcláir idirbhliana incháilithe faoin scéim seo.

## 5. An Nós Imeachta Iarratais

5.1 I gcás nach mbeidh dalta den inscne bhaineann in ann freastal ar scoil ar feadh tréimhse roimh bhreith a linbh nó ina diaidh, féadfaidh an Roinn Oideachais deontas a cheadú don tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil, nó don dalta í féin i gcás go mbeidh sí os cionn 18 mbliana d'aois, chun teagascóir atá cáilithe go cuí a fhostú chun teagasc baile a sholáthar.

5.2 Féadfar an teagasc a sholáthar thar thréimhse sé mhí ó dháta an cheadaithe.

5.3 Is é an líon uasta uaireanta a dheonófar faoin scéim seo ná 90 uair an chloig de theagasc baile a sholáthrófar thar thréimhse sé mhí. Féadfaidh an Roinn Oideachais an teorainn uachtair uaireanta a athbhreithniú ó am go ham.

5.4 Ceanglófar ar iarratasóirí Foirm Iarratais - Foirm HT MRA 23 - a chomhlánú, agus iarrtar orthu aird ar leith a thabhairt ar na doiciméid tacaíochta/ar an bhfaisnéis tacaíochta a cheanglaítear.

5.5 Tá Foirm HT MRA 23 ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag https://www.gov.ie/en/service/d15f58-home-tuition/. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach dtabharfar ceadú ach amháin tar éis an próiseas iarratais ina iomláine a chur i gcrích, rud a thagann chun deiridh nuair a eisítear litir ceadaithe ina ndeimhnítear an dáta óna bhféadfar tús a chur leis an teagasc.

## 6. Na Critéir le haghaidh Cúnamh Deontais a Sholáthar

6.1 Soláthraíonn an Roinn Oideachais deontas i leith Teagasc Baile a sholáthar. Cé gurb iad tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla a fhostaíonn an teagascóir i socrú príobháideach, beidh dámhachtain an deontais faoi réir na gcritéar seo a leanas:

### Cáilíochtaí soláthraithe teagaisc

6.2 Toisc gur lasmuigh den ghnáthstruchtúr scoile a dhéantar an teagasc, tá sé tábhachtach go mbeadh teagascóirí baile cáilithe chun clár oideachais cuí a sholáthar. Dá réir sin, b'fhearr go n-earcódh tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil **teagascóir atá cáilithe don earnáil iomchuí**, e.g., múinteoir iar-bhunscoile le haghaidh dalta iar-bhunscoile. Ceann amháin de choinníollacha na scéime is ea go mbeidh an teagascóir atá beartaithe cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta ar feadh thréimhse an teagaisc cheadaithe agus go dtí go n-eiseofar an íocaíocht dheireanach.

6.3 I gcás nach mbeifear in ann teacht ar mhúinteoir atá cáilithe chun teagasc san earnáil lena mbaineann, féadfaidh an Roinn breithniú a dhéanamh ar chead a thabhairt duine atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus a bhfuil bunchéim aige/aici (Leibhéal 7 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) a fhostú.

6.4 Ceann amháin de cheanglais na Scéime is ea nach mór do theagascóirí fógra a thabhairt do Chomhairle Mhúinteoireachta na hÉireann a mionsonraí a chur ar fáil ar an gComhéadan Pámháistir trí shuíomh Gréasáin na Comhairle Múinteoireachta chun gur féidir leis an Roinn seo a fhíorú go bhfuil clárú reatha ag múinteoirí. Is féidir an tsaoráid sin a chumasú ar an rannán 'Mo Chlárú' ar shuíomh Gréasáin na Comhairle Múinteoireachta ag www.teachingcouncil.ie.

6.5 Chun bheith incháilithe don ráta cáilithe íocaíochta, ní mór do theagascóir bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus bheith aitheanta aici san earnáil dá mbíonn an teagasc á sholáthar, **e.g., cáilíocht i dteagasc iar-bhunscoile i gcás daltaí iar-bhunscoile**. Is ag an ráta athraithe a íocfar teagascóirí atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus atá aitheanta aici ar leibhéal scoile nach bhfuil ag teacht le hearnáil an dalta. Is ag an ráta athraithe a íocfar teagascóirí ar scor a bhfuil clárú reatha acu leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus atá ag fáil pinsean seirbhíse poiblí https://www.gov.ie/en/service/d15f58-home-tuition/#home-tuition-payments.

6.6 Is iad tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla a fhostaíonn Teagascóirí Baile. Is teagascóirí féinfhostaithe iad atá faoi réir asbhaintí reachtúla ag an bhfoinse.

Ní ghníomhaíonn an Roinn ach amháin mar ghníomhaire párolla thar ceann tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla. Déanann sí amhlaidh chun comhlíonadh forálacha asbhainte reachtúla, lena n-áirítear forálacha cánachais agus forálacha gaolmhara, a éascú.

I gcás go mbeidh sé beartaithe ag teagascóir Teagasc Baile a sholáthar ar feadh níos mó ná 27 n-uaire in aon seachtain faoi aon cheann de Scéimeanna na Roinne Oideachais, beidh tuilleadh mionsonraí sceidealaithe ag teastáil sula ndéanfar breithniú ar cheadú a thabhairt.

6.7 **Ní fhéadfaidh tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla gníomhú mar theagascóirí dá leanaí féin faoin scéim.**

6.8 **Ní chuirfear tús le** Teagasc Baile **ach amháin tar éis an litir ceadaithe a fháil ón iarratasóir, rud ina ndeimhneofar an dáta óna bhféadfar tús a chur leis an teagasc** agus ina ndeimhneofar go ndearna an Roinn cáilíochtaí agus aitheantas an teagascóra/na dteagascóirí ainmnithe a cheadú go foirmiúil i scríbhinn.
Ní íocfar as aon teagasc a soláthraíodh roimh an dáta tosaithe ceadaithe.

6.9 **Ní incháilithe** chun Teagasc Baile a sholáthar atá múinteoirí atá fostaithe i scoil aitheanta agus atá ag baint leas as aon cheann de na scéimeanna seo a leanas faoi láthair: saoire mháithreachais; saoire bhreoiteachta; pinsean míchumais; agus scéimeanna luathscoir.

6.10 Féadfaidh múinteoir atá ar shos gairme nó atá ag postroinnt faoi Chiorclán 0054/2019 teagasc baile a sholáthar.

6.11 Moltar do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla teagascóir a fhoinsiú a luaithe is féidir chun gur féidir leis an teagascóir iarratais ar chlárú nó ar Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh chuig Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann, más gá. Níl aon ról ag an Roinn maidir le teagascóirí a fhoinsiú ná a fhostú. Ní choimeádann sí liosta de na teagascóirí atá ar fáil chun Teagasc Baile a sholáthar ach oiread.
B'fhiú do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla teagmháil a dhéanamh le scoileanna áitiúla ar an gcéad ásc. Mar mhalairt air sin, is eol don Roinn go mbaineann a lán tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla úsáid as suíomhanna Gréasáin de chuid soláthraithe oideachais chun teagascóirí a lorg. Cuireann siad fógráin i nuachtáin áitiúla agus ar chláir fógraí siopa/pobail freisin.

## Na Ceanglais Ghrinnfhiosrúcháin atá ar theagascóirí

6.12 **Ní mór don Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh ar gach teagascóir sula gcuirfear tús le teagasc a sholáthar.**

6.13 Ní mór do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla a dheimhniú dóibh féin gur chuir a dteagascóir(í) roghnaithe próiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána i gcrích trí phróiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a reáchtálann an Chomhairle Mhúinteoireachta ar líne é agus ní mór dóibh a dheimhniú dóibh féin go bhfuil ráiteas nochta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána atá bailí ag an teagascóir/na teagascóirí.

6.14 Ní mór grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh ar gach teagascóir faoi na socruithe grinnfhiosrúcháin atá i bhfeidhm ó thosach feidhme an Achta um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012, an 29 Aibreán 2016 i leith.

6.15 Ní mór do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla nochtadh nua-eisithe Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a iarraidh in imthosca ina bhfuil siad ag fostú an teagascóra den chéad uair riamh.

6.16 Ba cheart do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla a thabhairt faoi deara go bhféadfaidh gach múinteoir cláraithe iarratas a dhéanamh trí shuíomh Gréasáin na Comhairle Múinteoireachta go ndéanfaí Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána orthu. Tá an próiseas saor in aisce agus is gnách go dtógann sé idir dhá sheachtain agus ceithre seachtaine chun é a chur i gcrích.

6.17 Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla a dheimhniú go bhfuil Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána déanta ar theagascóirí. Is féidir leo amharc ar dháta an ghrinnfhiosrúcháin sin agus ar an toradh a bhí air trí amharc ar an toradh ar chuardach grinnfhiosrúcháin an teagascóra. Tugtar Nochtadh Grinnfhiosrúcháin air sin agus féadfaidh an teagascóir é a chomhroinnt trí Digitary, an réiteach slán TF ar líne atá i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta.

6.18 Ba cheart do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla a bheith ar an eolas nach gciallaíonn grinnfhiosrúchán rathúil go bhfuil imréiteach ag teagascóirí chun oibriú le leanaí agus, ina ionad sin, nach dtugtar ann ach mionsonraí faoi aon taifead coiriúil agus/nó aon fhaisnéis shonraithe i leith an teagascóra lena mbaineann nó gurb amhlaidh, i gcás nach bhfuil aon taifead coiriúil nó aon fhaisnéis shonraithe ann, a chuirtear an méid sin in iúl ann. Ó thaobh cosanta leanaí de, is faoin tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil lena mbaineann atá sé an cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ar a oiriúnaí atá an duine d’oibriú leis an

dalta. Chuige sin, ba cheart do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla a thabhairt faoi deara nach é atá sa toradh ar Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ach toisc amháin atá le cur san áireamh le linn teacht ar an gcinneadh sin. Gné bhunriachtanach de dhea-chleachtas cosanta leanaí is ea seiceálacha críochnúla a dhéanamh ar oiriúnacht an duine agus is é/í an tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil atá freagrach as na seiceálacha sin. Ba cheart teistiméireachtaí a lorg agus gníomh leantach a dhéanamh ina leith agus a chinntiú go mínítear go sásúil aon bhearnaí neamh-mhínithe i dtaifid fostaíochta/curriculum vitae a bheith ar áireamh sna seiceálacha sin, ach gan a bheith teoranta dóibh. Níor cheart grinnfhiosrúchán a dhéanamh in ionad na seiceálacha sin. Ina ionad sin, ba cheart é a úsáid mar chuid den chéanna.

6.19 Tabhair faoi deara nach mór Foirm Dearbhaithe Reachtúil agus Foirm Ghealltanais (Aguisíní 1 agus 2 faoi seach a ghabhann leis an bhFoirm Iarratais iomchuí) a bheith ag gabháil le gach iarratas ar Theagasc Baile.

6.20 Tá faisnéis iomlán do theagascóirí maidir leis an bpróiseas um iarratas a dhéanamh ar Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar fáil ag: https://www.teachingcouncil.ie/en/Vetting-Re-vetting

## 7. Tosca Cosanta agus Cumhdaigh Leanaí do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla

7.1 Leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, cuireadh gnéithe den doiciméad 'Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí' ar bhonn reachtúil.

Rinneadh an doiciméad 'Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí' a athrú chun dáta chun breac-chuntas a thabhairt ar na hoibleagáidí reachtúla nua a bhfuil feidhm acu maidir le daoine sainordaithe amhail múinteoirí cláraithe agus ar na hoibleagáidí reachtúla nua a bhfuil feidhm acu maidir le heagraíochtaí (amhail scoileanna) faoin Acht.
Leagtar amach ann freisin na hoibleagáidí (neamhreachtúla) dea-chleachtais a bhfuil feidhm acu maidir le gach duine aonair (lena n-áirítear múinteoirí) agus le gach earnáil den tsochaí. Oibrítear an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015, le hais an doiciméid 'Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí, 2017'.

7.2 Is féidir faisnéis faoi Chosaint Leanaí a fháil ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag https://www.gov.ie/en/policy-information/9bf5d3-inclusive-education/#child-protection-and-safeguarding.

7.3 Tá sé de fhreagracht ar thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla bheith aireach ar aon rioscaí nó aon chontúirtí a d'fhéadfadh a bheith i gceist le teagascóirí a

fhostú i socrú príobháideach. Tá sé de fhreagracht ar an tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil a chinntiú go bhfuil na coimircí iomchuí riachtanacha uile um chosaint agus leas leanaí i bhfeidhm i leith an tsocraithe teagaisc.
(Féach freisin rannán 6 thuas maidir le ceanglais ghrinnfhiosrúcháin).
Tá sé de fhreagracht ar an tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil tabhairt faoi na seiceálacha iomchuí uile maidir lena oiriúnaí atá teagascóir ionchasach d'oibriú lena leanbh agus a dheimhniú dó/di féin go bhfuil an duine oiriúnach dá leanbh a theagasc.

7.4 Ba cheart do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla a dheimhniú dóibh féin freisin go bhfuil teagascóirí ar an eolas faoi aon riachtanais iomchuí leighis agus iompraíochta atá ag an leanbh.

## 8. Faisnéis Ghinearálta

8.1 Ceanglófar ar iarratasóirí Foirm Iarratais a chomhlánú, agus iarrtar orthu aird ar leith a thabhairt ar na doiciméid/ar an bhfaisnéis a cheanglaítear. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach dtabharfar ceadú ach amháin tar éis an próiseas iarratais ina iomláine a chur i gcrích, rud a thagann chun deiridh nuair a eisítear litir ceadaithe ina ndeimhnítear an dáta óna bhféadfar tús a chur leis an teagasc.

8.2 Is le haghaidh idirghabhálacha teagaisc oideachais amháin atá an Deontas Teagasc Baile. Forchoimeádann an Roinn an ceart chun meastóireacht a dhéanamh ar an soláthar oideachais atá á sholáthar, agus ceadaítear na huaireanta uile faoi réir an choinníll sin.

8.3 Leis an scéim seo, féadfar teagasc a sholáthar de réir mar a theastaíonn ón dalta.
Féadfar leas a bhaint as teagasc le linn seachtaine ina bhfuil dalta ag freastal ar scoil agus/nó le linn seachtainí nach bhfuil an dalta in ann freastal ar scoil iontu.
Ní ceadmhach teagasc a sholáthar faoin scéim seo ag an Deireadh Seachtaine, ar Laethanta Saoire Bainc ná ar Laethanta Saoire Poiblí. **Is é an líon uasta uaireanta ná 90 uair an chloig de theagasc a sholáthar ar feadh tréimhse sé mhí ó dháta an cheadaithe.**

8.4 Más rud é go n-ainmneofar níos mó ná teagascóir amháin chun teagasc a sholáthar, ní mór do gach teagascóir rannán 3 den fhoirm iarratais a chomhlánú.
Ní mór don iarratasóir an líon iomlán uaireanta a sholáthróidh gach teagascóir a lua go soiléir ar an bhfoirm iarratais.
Deimhneofar sa litir ceadaithe an líon iomlán uaireanta a fhéadfaidh gach teagascóir a sholáthar.

8.5 Ní mór do dhaltaí atá ag déanamh staidéar ar ábhair le haghaidh scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta eolas a chur go cúramach ar cheanglais Choimisiún na Scrúduithe Stáit le haghaidh obair chúrsa phraiticiúil. Is féidir na hábhair a bhfuil obair chúrsa phraiticiúil i gceist leo a aimsiú ag www.examinations.ie. Mura gcomhlíontar ceanglais Choimisiún na Scrúduithe Stáit, is féidir nach mbeidh dalta in ann na marcanna uile atá ar fáil don ábhar a bhaint amach.

## 9 Nósanna Imeachta Íocaíochta

9.1 Is iad tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla a fhostaíonn Teagascóirí Baile. Is teagascóirí féinfhostaithe iad atá faoi réir asbhaintí reachtúla ag an bhfoinse. Ní ghníomhaíonn an Roinn ach amháin mar ghníomhaire párolla thar ceann tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla. Déanann sí amhlaidh chun comhlíonadh forálacha asbhainte reachtúla, lena n-áirítear forálacha cánachais agus forálacha gaolmhara, a éascú.

9.2 Tá Rátaí an Deontais Teagasc Baile ar fáil ag https://www.gov.ie/en/service/d15f58-home-tuition/#home-tuition-payments agus tá siad faoi réir athruithe.

9.3 I gcás go mbeidh leanbh faoi chúram Tusla, is go díreach le Tusla a dhéanfar aon íocaíochtaí i leith teagasc baile. Ní dhéanfar leis an teagascóir é/í féin iad.

9.4 Níor cheart do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla tús a chur le Teagasc Baile ach amháin tar éis dóibh litir ceadaithe deontais a fháil ón Roinn, rud ina ndeimhneofar go gcomhlíonann siad téarmaí agus coinníollacha na scéime agus ina ndeimhneofar dáta tosaithe an chúnaimh deontais.

9.5 Cuirtear in iúl do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla nach ndéanfar an deontas teagasc baile a shiardhátú chun aon tréimhse teagasc baile ar tugadh fúithi sula bhfuarthas an litir ceadaithe a chumhdach.

9.6 Ní mór don tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil a rinne iarratas ar theagasc baile Foirm Éilimh Íocaíochta a chomhlánú. Ní mór don tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil agus don teagascóir araon an fhoirm a chomhlánú agus a shíniú ag deireadh gach míosa inar soláthraíodh teagasc. Tá an fhoirm éilimh íocaíochta ar fáil ag https://www.gov.ie/en/service/d15f58-home-tuition/#home-tuition-payments.

Is féidir go ndéanfar an síniú arna thabhairt ag an tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil a úsáid le haghaidh fíorúcháin.

9.7 Má dhéantar dearbhú bréagach chun acmhainní a éileamh ón Roinn, is féidir go dtarchuirfidh an Roinn an ní chuig an nGarda Síochána agus, más cuí, chuig an gComhairle Mhúinteoireachta.

9.8 Ba cheart do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla agus do theagascóirí a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas go hiomlán faoi choinníollacha na scéime seo agus go gcomhlíonann siad go hiomlán iad agus go bhfuil siad ar an eolas faoi conas a eiseofar an deontas faoin scéim seo sula soláthrófar aon teagasc.

9.9 Cuirtear in iúl do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla nár cheart dóibh, in imthosca ar bith, íocaíochtaí a dhéanamh le teagascóirí as teagasc arna sholáthar acu faoin scéim seo.

9.10 Ba cheart do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla agus do theagascóirí a bheith ar an eolas gurb amhlaidh, faoin reachtaíocht atá ann cheana, a chuireann an Roinn seo na mionsonraí airgeadais uile i leith na scéime seo ar aghaidh chuig na Coimisinéirí Ioncaim gach bliain.

9.11 Conas a íoctar an deontas:
Tá nóta faisnéise íocaíochta leithleach atá níos mionsonraithe ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla agus do theagascóirí ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag:
https://www.gov.ie/en/service/d15f58-home-tuition/#home-tuition-payments

9.12 Saincheisteanna eile a bhaineann le Teagasc Baile a íoc:
Ní mór Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) gach duine, lena n-áirítear tuismitheoir(í)/caomhnóir dlíthiúil/caomhnóirí dlíthiúla, an teagascóir/na teagascóirí agus an dalta, a sholáthar don Roinn.
Ní mór déanamh amhlaidh chun incháilitheacht don Scéim Deontas Teagasc Baile i ndáil le Neamhláithreachtaí a Bhaineann le Máithreachas a chinneadh, chun íocaíochtaí a phróiseáil agus chun a chinntiú nach mbeidh aon dúbláil cistiúcháin ann.

## 10. Ceisteanna agus Achomhairc

10.1 Ba cheart ceisteanna agus achomhairc i ndáil leis an Scéim Deontas Teagasc Baile i ndáil le Neamhláithreachtaí a Bhaineann le Máithreachas a sheoladh chuig:

An tAonad um Thuismitheoirí agus Fhoghlaimeoirí - An Rannóg um Theagasc Baile
An Roinn Oideachais
Corr na Madadh

Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí
N37 X659

Uimhir Theagmhála: 090 648 4108

Seoladh Ríomhphoist: hometuitionapprovals@education.gov.ie

10.2 Féadfar achomhairc i ndáil le cinntí arna ndéanamh faoin Scéim Deontas Teagasc Baile i ndáil le Neamhláithreachtaí a Bhaineann le Máithreachas a chur isteach i scríbhinn chuig an seoladh thuas, agus an Uimhir Thagartha Teagasc Baile á lua, breac-chuntas á thabhairt ar na cúiseanna agus na forais leis an achomharc, agus doiciméid bhreise nó tuarascálacha breise á dtabhairt, de réir mar is cuí.

10.3 Is féidir ceisteanna i ndáil le híocaíochtaí Teagasc Baile a sheoladh chuig:

Deontais Riachtanas Speisialta agus Deontais Teagaisc
An Roinn Oideachais
Corr na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí
N37 X659
Uimhir Theagmhála: 090 648 3996
Seoladh Ríomhphoist: htpayments@education.gov.ie

Tá an Ciorclán seo, i dteannta na faisnéise iomchuí ar fad, ar fáil le híoslódáil ó shuíomh Gréasáin na Roinne ag gov.ie - Teagasc Baile (www.gov.ie)

Judith Lyons
Príomhoifigeach
An tAonad um Thuismitheoirí agus Fhoghlaimeoirí
Iúil 2023